CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

**PREASEISIÚINT Uimh. 154/24**

**Lucsamburg, 1 Deireadh Fómhair 2024**

# Feidhm ag na rialacha maidir le haistriú páirteach na dlínse chun réamhrialuithe a thabhairt ón gCúirt Bhreithiúnais chuig an gCúirt Ghinearálta

Mar a fógraíodh le foilsiú Rialachán 2024/2019 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* [1] lena leasaítear Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tá **feidhm inniu ag na forálacha maidir le haistriú páirteach na dlínse chun réamhrialuithe a thabhairt ón gCúirt Bhreithiúnais chuig an gCúirt Ghinearálta.** Mar gheall ar chúiseanna a bhaineann leis an deimhneacht dhlíthiúil agus le luas, cuirfear gach iarraidh ar réamhrialú faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais go fóill, a dhéanfaidh réamhanailís ar a n-ábhar. Chomh luath agus a bheidh an anailís sin déanta, déanfar iarrataí a thagann laistigh de cheann amháin nó níos mó de na hábhair shonracha dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 50b den Reacht [2] chuig an gCúirt Ghinearálta.

Faoi réir roinnt leasuithe a bhaineann le struchtúr agus eagrú inmheánach na Cúirte Ginearálta, déileálfaidh an Chúirt Ghinearálta le hiarrataí ar réamhrialuithe arna gcur faoina bráid ag an gCúirt Bhreithiúnais ar an gcaoi chéanna leis an gCúirt Bhreithiúnais agus cuirfidh sí na rialacha nós imeachta céanna i bhfeidhm. Beidh an luach céanna ag breitheanna na Cúirte Ginearálta maidir le réamhrialuithe agus atá ag breitheanna na Cúirte Breithiúnais.

A mhéid a fhoráiltear go heisceachtúil leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an Reacht, áfach, féadfar athbhreithniú a dhéanamh, ar thogra ón gCéad Abhcóide Ginearálta, ar réamhrialuithe ón gCúirt Ghinearálta i gcás ina bhfuil baol tromchúiseach ann go ndéanfar difear d'aontacht nó chomhchuibheas dhlí an Aontais, ní bheidh breith na Cúirte Ginearálta críochnaitheach ach amháin in éagmais togra den sórt sin – nach mór a dhéanamh laistigh de mhí amháin ó bhreith na Cúirte Ginearálta. Dá ndéanfadh an Chéad Abhcóide Ginearálta togra, áfach, athbhreithniú a dhéanamh ar an mbreith sin, ní mór fanacht go dtí go mbeidh breith tugtha ag an gCúirt Bhreithiúnais ar an togra sin sula ndéanfar breith chríochnaitheach de bhreith na Cúirte Ginearálta nó go dtí go ngabhfaidh breith na Cúirte Breithiúnais ionad bhreith na Cúirte Ginearálta.

Mar gheall ar an mór-athchóiriú seo, rinneadh na Treoracha cleachtais do pháirtithe, maidir le cásanna arna dtabhairt os comhair na cúirte, a thabhairt chun dáta. Tá siad ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais agus is féidir teacht orthu tríd an nasc seo.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2019 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Phrótacal Uimh. 3 ar Reacht

Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (féach freisin PR 125/24)

[2] Baineann sé leis na sé ábhar seo a leanas: an comhchóras cánach breisluacha; dleachtanna máil; an Cód Custaim; rangú earraí de réir taraife faoin Ainmníocht Chomhcheangailte; cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás moille; cealaithe seirbhísí iompair nó diúltú bordála, agus am córas um lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil.